C/2024/2080

8.3.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Case M.11439 — DWS / GALAXY / FLOW TRADERS / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/2080)

1. An 28 Feabhra 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— DWS Group GmbH & Co. KGaA ('DWS', an Ghearmáin), atá faoi rialú ag Deutsche Bank AG (an Ghearmáin),

— Galaxy Digital Labs LLC ('Galaxy', Stáit Aontaithe Mheiriceá) atá faoi rialú ag Galaxy Digital Holdings LP (Oileáin Cayman),

— Flow Traders Holding LLC ('Flow Traders', Stáit Aontaithe Mheiriceá) atá faoi rialú ag Flow Traders Ltd. (Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gheobhaidh DWS, Galaxy agus Flow Traders rialú comhpháirteach ar chomhfhiontar úrnua de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta sealbhaíochta infheistíochta é DWS a sholáthraíonn punann infheistíochta leathan dá chuid chliaint infheistíochta agus miondíoltóireachta, lena n-áirítear cistí gníomhacha, cistí éighníomhacha agus cistí malartacha,

— Tá Galaxy gníomhach in earnáil na sócmhainní digiteacha agus in earnáil an bhlocshabhra agus cuireann sé rochtain ar gheilleagar na sócmhainní digiteacha ar fáil d'institiúidí, do ghnólachtaí nuathionscanta agus do dhaoine aonair cáilithe,

— Soláthraí leachtachta teicneolaíocht-chumasaithe a ghníomhaíonn ar fud an domhain is é Flow Traders, a sholáthraíonn réimse leathan táirgí airgeadais in aicmí éagsúla sócmhainní.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an gcomhfhiontar:

— eisiúint cripteamhona cobhsaí atá ainmnithe in Euro.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11439 — DWS / GALAXY / FLOW TRADERS / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË